

## **eCód Iompair**

### **Seirbhísí Meán Cumarsáide Closamhairc ar a nÉileamh**

#### **1. Réamhrá**

De bhun Alt 13.(1) d'Ionstraim Reachtuil Uimh. 258 i mí Mheitheamh 2010 ón Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, rinneadh an Cód seo a leanas maidir le seirbhísí ar a n-éileamh a chur i dtoll a chéile. Tagann na seirbhísí closamhairc ar a n-éileamh uile a chuirtear ar fáil faoi dhlínse Phoblacht na hÉireann faoi scáth an Chóid seo. Is é Grúpa na Seirbhísí Closamhairc ar a nÉileamh (ODAS) an comhlacht ábhartha a rinne an Cód seo a dhréachtadh. Is iad a bhfuil baint acu leis an ngrúpa sin, faoi choimirce Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), an Cumann Lucht Fógraíochta in Éirinn, Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann, agus grúpa ionadaíochta Craoltóirí agus cuideachtaí Teileachumarsáide agus soláthraithe seirbhíse eile.

#### **2. Sainmhíniú**

##### ***Seirbhísí ar a n-éileamh***

Ciallaíonn seirbhís meán cumarsáide closamhairc ar a héileamh (i.e. seirbhís meán cumarsáide closamhairc neamhlíneach) seirbhís meán cumarsáide closamhairc arna cur ar fáil ag soláthraí seirbhíse meán cumarsáide ionas gur ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir a bhreathnaítear clár agus sin ar iarratas faoi leith bunaithe ar chatalóg clár arna roghnú ag an soláthraí seirbhíse meán cumarsáide agus na tréithe seo a leanas ar fáil an tráth céanna:-

- Tá an tseirbhís faoi rialú/cúram eagarthóireachta ag soláthraí seirbhíse;
- Is é príomhchuspóir atá leis an tseirbhís ábhar ar aon dul le hábhar teilifíse a chur ar fáil don phobal i gcoitinne mar lón eolais, siamsaíochta nó oideachais;
- Is seirbhís í a bhfuil i gceist go mbeadh sí ar fáil ag sciar suntasach den phobal i gcoitinne agus a bhféadfadh tionchar soiléir a bheith aici orthu, ach ní áirítear:
  - seirbhísí ar seirbhísí neamheacnamaíochta iad den chuid is mó;
  - seirbhísí nach bhfuil in iomaíocht le seirbhísí craolacháin ná cosúil leo,
  - láithreáin ghréasáin ná teachtaireachtaí ríomhphoist,
  - seirbhísí arb é is mó a bhaineann leo ábhar arna chruthú ag úsáideoirí tríú páirtí na seirbhísí d'fhonn a scaipeadh ar dhaoine

taobh istigh de dhreamanna ar spéis leo an t-ábhar a óstáil nó a scaipeadh, nuair is le húsáideoirí den chineál sin a fhanann an rialú eagarthóireachta i ndáil leis an ábhar,

- leaganacha leictreonaice de nuachtáin agus d'irisí,
- seirbhísí ar teagmhasach i ndáil le príomhchuspóir na seirbhíse an t-ábhar closamhairc,
- cluichíocht, cearrbhachas, cluichí ar líne, agus innill chuardaigh.

### ***Fógraíocht***

Fógra de chineál ar bith cibé an i ndáil le cúiteamh íocaíochta é nó comaoin den sórt céanna nó chun críche féinphoiblíochta ag gnóthas poiblí nó príobháideach nó ag duine nádúrtha arna gcur chun cinn maidir le tráchtáil, gnó, ceird nó gairm ionas go gcuirtear soláthar earraí nó seirbhísí, lena n-áirítear maoin dho-aistrithe, cearta agus dualgais chun cinn ar son íocaíochta.

### ***Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann (ASAI)***

Is é Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann (ASAI) an comhlacht neamhspleách féinrialaithe arna chur ar bun agus á mhaoiniú ag tionscal na fógraíochta atá tugtha do na caighdeáin is airde maidir le cumarsáid mhargaíochta, eadhon, fógraíocht, margáíocht bholscaireachta agus margáíocht dhíreach, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar mhaithe leis an bpobal.

### ***Cumarsáid Closamhairc Tráchtála***

Íomhánna, a bhfuil fuaim leo nó dá uireasa sin, a bhfuil d'aidhm leo táirgí, seirbhísí nó íomhá eintitis nádúrtha nó dlíthiúil ag a bhfuil gníomhaíocht gheilleagrach ar bun a chur chun cinn go díreach nó go hindíreach. Bíonn íomhánna den chineál sin ag gabhail le clár nó mar chuid de chlár ar son íocaíochta nó ar son comaoine den chineál sin, nó ar mhaithe le féinphoiblíocht. Áirítear, inter alia, ar chineálacha cumarsáide tráchtála, fógraíocht, urraíocht, teilishiopadóirecht agus suíomh táirgí, ach ní áirítear leo fógraí seirbhíse poiblí agus achainíochta ar son carthanachta a chraoltar saor in aisce.

### ***Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI)***

Is comhlacht corparáideach é Údarás Craolacháin na hÉireann arna chur ar bun faoin Acht Craolacháin 2009, atá ina Rialálaí Reachtuil i ndáil le seirbhísí craolacháin nó líneacha. Cuireann BAI cóid i bhfeidhm i ndáil le hábhar agus cumarsáid tráchtála maidir le seirbhísí craolacháin.

### ***Leanbh/Leanaí***

Chun críche an Chóid seo, is tagairt na téarmaí "Leanbh" agus "Leanaí" d'aon duine atá faoi bhun 18 bliana d'aois.

### **Cumarsáid Closamhairc Tráchtála Chomparáideach**

Is cumarsáid closamhairc tráchtála chomparáideach aon chumarsáid den chineál sin ina bhfuil sonrú go follasach nó go hintuigthe ar iomaitheoir nó ar earraí nó seirbhísí a chuireann iomaitheoir ar fáil.

### **Cúram Eagarthóireachta**

Ciallaíonn cúram eagarthóireachta rialú éifeachtúil a fheidhmiú maidir le roghnú na gclár agus a n-eagrú i sceideal ama, i gcás craoladh teilifíse, nó i gcatalóg, i gcás seirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh. Ní móide go dtuigfí aon dlíteanas faoi dhlí na tíre maidir leis an ábhar nó na seirbhísí a chuirtear ar fáil le cúram eagarthóireachta.

### **Saothar Eorpach**

- (i) Ciallaíonn "Saothar Eorpach" saothar de chineál acu seo a leanas:
- saothair de thionscnamh na mBallstát,
  - saothair de thionscnamh stáit ar tríú Stáit Eorpacha iad - páirtithe le Coinbhinsiún Eorpacha maidir le Teilifís Trasteorann Chomhairle na hEorpa agus coinníollacha phointe (ii) á gcomhlíonadh freisin,
  - saothair arna gcomhléiriú taobh istigh den chreat comhaontuithe a bhaineann leis an earnáil closamhairc a ceanglaíodh idir an Comhphobal agus tíortha ar tríú tír iad agus a gcomhlíontar ina leith na coinníollacha a leagtar síos i ngach ceann de an comhaontuithe sin,
  - beidh na forálacha sa dara agus sa tríú fo-alt ag brath ar choinníoll nach dtagann na saothair de thionscnamh na mBallstát faoi réir ag bearta idirdhealaitheacha sa tríú tír a thagann i gceist
- (ii) Is saothair na saothair sin dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fo-alt de phointe (i) a dhéantar den chuid is mó le húdair agus oibríthe a bhfuil cónaí orthu i Stát amháin nó níos mó ná Stát amháin díobh sin dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fo-alt de phointe (i) ar an gcoinníoll go gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:
- is saothair iad arna léiriú ag léiritheoir amháin nó níos mó ná léiritheoir amháin atá bunaithe i gceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na Stáit sin, nó
  - tagann léiriú na saothar faoi mhaoirseacht agus faoi rialú dáiríre léiritheora amháin nó níos mó ná léiritheoir amháin atá bunaithe i gceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na Stáit sin, nó

- tá sciar chomhléiritheoirí as na Stáit sin ar an mórchuid agus níl an comhléiriúchán faoi rialú léiritheora amháin nó níos mó ná léiritheoir amháin atá bunaithe taobh amuigh de na Stáit sin;
- (ii) Measfar gur saothair Eorpacha saothair nach saothair Eorpacha iad taobh istigh de chiall phointe (i) ach a léirítear taobh istigh den chreat comhaontuithe comhléiriúcháin déthaobhacha a ceanglaíodh idir Ballstát agus an tríú tír ar choinníoll gurb iad na comhléiritheoirí ón gComhphobal a chuireann mórchuid an chostas iomlán léiriúcháin ar fáil agus nach bhfuil an léiriúchán faoi rialú léiritheora amháin nó níos mó ná léiritheoir amháin atá bunaithe taobh amuigh de na Ballstáit

### ***Cumarsáid Tráchtála Mhíchuí***

Tagraíonn cumarsáid tráchtála mhíchuí do chumarsáid nach móide a bheith ina sárú ar fhorálacha eile de chuid an Chóid ach nach iomchuí ar a cur mar chuid d'ábhar cláir nó thart ar ábhar cláir ar bhealach mí-oiriúnach, gan an aird chuí ar an ábhar sin, nó ar an lucht féachana nó éisteachta is dócha aird a thabhairt air.

### ***Suíomh Táirgí***

Cumarsáid closamhairc tráchtála de chineál ar bith lena mbaineann táirge, seirbhís nó trádmharc táirge nó seirbhíse a chur mar chuid de chlár nó tagairt a dhéanamh dó i gclár ionas go ndéantar a léiriú i rith an chláir agus sin i gcúiteamh íocaíochta nó comaoine eile den chineál céanna.

### ***Urraíocht***

Ranníocaíocht ar bith arna déanamh ag gnóthas poiblí nó príobháideach nó ag duine nádúrtha nach bhfuil i mbun seirbhísí meán closamhairc a chur ar fáil nó saothair chlosamhairc a léiriú, i ndáil le maoiniú ar sheirbhísí nó cláir mheán closamhairc d'fhonn ainm, trádmharc, íomhá, beartaíocht nó táirgí an ghnóthais nó an duine a chur chun cinn.

### ***Cumarsáid Closamhairc Tráchtála Fhothairseachúil***

Cumarsáid closamhairc tráchtála lena mbaineann deismireacht theicniúil de chineál ar bith a úsáid trína dtarlaíonn, trí íomhánna a úsáid ar ríghairid an t-achar ama a ghabhann leo nó trí mhodh ar bith eile, teacht i dtír ar an dóigh go gcuirí teachtaireacht in iúl do dhaoine den lucht féachana nó tionchar a imirt ar bhealach eile ar intinn dhaoine den lucht féachana gan iadsan ar an eolas nó ar an eolas go hiomlán faoina bhfuil á dhéanamh.

### ***Cumarsáid Closamhairc Tráchtála Fholaitheach***

Earraí, seirbhísí, ainm, trádmharc nó beartaíocht lucht táirgthe táirgí nó soláthraí seirbhísí a chur i láthair i gcláir nuair a bheadh i gceist ag an soláthraí seirbhíse meán cumarsáide le cur i láthair den sórt sin go ndéanfaí fógraíocht leis agus go bhféadfadh go gcuirí an pobal ar mhíthreoir maidir lena chineál. Measfar gur d'aon ghnó a rinneadh cur i

láthair den chineál sin más ar mhaithe le híocaíocht nó comaoin eile den sórt céanna a dhéantar é.

***Teilishiopadóireacht***

Tairiscint díreach leis an bpobal d'fhonn earraí a dhíol, a cheannach, a fhrúiliú nó a sholáthar nó seirbhísí a chur ar fáil, maoin dho-aistrithe, cearta agus dualgais san áireamh, ar son íocaíochta

### 3. Forálacha an Chóid

#### Cuid 1 (Cumarsáid Closamhairc Tráchtála)

##### Ginearálta

1. Ba cheart go mbeadh Cumarsáid Tráchtála dleathach, geanasach, ionraic agus fírinneach. Níor cheart go gcuirfí duine ar míthreoir léi agus ba cheart go ndéanfaí í a ullmhú le tuiscint den chúram don tomhaltóir agus don tsochaí agus le meas ar na prionsabail maidir le hiomaíocht chóir a nglactar go ginearálta leo i gcúrsaí gnó. Ba cheart go háirithe go gcomhlíonfadh soláthraithe seirbhís ar a n-éileamh iad seo a leanas:
  - (a) Beidh so-aitheanta ar chumarsáid closamhairc tráchtála gurb é sin atá ann. Beidh toirmeasc ar chumarsáid closamhairc tráchtála fholaitheach;
  - (b) Ní úsáidfear teicnící fothairseachúla le cumarsáid closamhairc tráchtála;
  - (c) Ní dhéanfar le cumarsáid closamhairc tráchtála:
    - (i) dochar don mheas ar dhínit an duine;
    - (ii) aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne, ar dhúchas ciníoch nó eitneach, ar náisiúntacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis, stádas teaghlaigh, stádas pósta ná bheith ar dhuine den lucht siúil a lua mar chuid di ná a chur chun cinn;
    - (iii) iompar a dhéanfadh dochar don tsláinte ná don tsábháilteacht a spreagadh;
    - (iv) iompar a spreagadh a dhéanfadh dochar mór do chosaint na timpeallachta;
  - (d) Beidh toirmeasc ar chumarsáid closamhairc tráchtála de gach cineál maidir le toitíní agus earraí eile tobac;
  - (e) Ní dhéanfar cumarsáid closamhairc tráchtála maidir le deoch mheisciúil a dhíriú go háirithe ar mhionaoisigh ná ní spreagfar ól mhíchuíosach ar dheochanna den sórt sin. Ba cheart go mbeadh Cumarsáid Tráchtála ag teacht leis na forálacha a bhaineann le hábhar de Chód an ASAI, agus forálacha ar bith de chód deonach an tionscail maidir le deochanna meisciúla.

- (f) Beidh toirmeasc ar chumarsáid closamhairc tráchtála maidir le táirgí míochaine agus cóir leighis nach bhfuil ar fáil ach amháin le hoideas dochtúra;

- (g) Ní bheidh cumarsáid closamhairc tráchtála ina údar le haimhleas fisiciúil nó morálta do mhionaoiseach. Dá réir sin, ní spreagfar go díreach leo mionaoisigh chun táirge nó seirbhís a cheannach nó a thógáil ar cíós trí theacht i dtír ar an easpa taithí ná ar shaontacht, ní spreagfar mionaoisigh go díreach chun a áiteamh ar a gcuid tuismitheoirí nó ar dhuine eile na hearraí nó na seirbhísí atá á bhfógairt a cheannach, ní thiocfar i dtír ar an iontaoibh faoi leith atá ag mionaoisigh ina gcuid tuismitheoirí, múinteoirí ná daoine eile, ná ní thaispeánfar go míréasúnta mionaoisigh i gcásanna contúirte.
- (h) Ba cheart i gcás cumarsáid tráchtála maidir le cearrbhachas go sásófaí na forálacha ar fad faoin reachtaíocht i leith an réimse sin. Is féidir le Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann de bhun gearáin a éileamh ar an soláthraí seirbhíse tuairim dhlíthiúil ó dhuine cáilithe i ndáil leis an bhforáil seo a chur ar fáil.
- (i) Ní mór cumarsáid tráchtála ar son fhear nó bhean feasa nó seirbhísí síceacha a leagan amach mar ábhar siamsaíochta agus níor cheart aon rud a áiteamh ná a éileamh nach féidir bunús a thabhairt leis.
- (j) Déanfaidh soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide closamhairc cóid iompair a chur i dtoll a chéile ionas nach mbíonn cumarsáid closamhairc tráchtála míchuí, ag gabháil le nó mar chuid de chlár do leanaí, mar chuid de sheirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh. Ina leith sin, cumarsáid tráchtála maidir le bianna nó deochanna ina bhfuil cothaithe nó substaintí a bhfuil éifeacht chothaithe nó fhiseolaíochta acu, go háirithe iad sin, mar shampla saill, aigéis thras-sailleacha, salann/sóidiam agus siúcraí, nach moltar an iomarca díobh a thógáil isteach sa bhia-aiste iomlán. Moltar do sholáthraithe seirbhíse forálacha Chód BAI maidir le fógraíocht bhia agus dheochanna do leanaí a thagann faoi scáth na gcatagóirí thuas a thabhairt san áireamh.

## **Urraíocht**

2. Sásófar na coinníollacha seo a leanas i ndáil le seirbhísí nó cláir mheán cumarsáide closamhairc a ndéantar urraíocht orthu:
  - (a) Ní imreofar i gcás ar bith tionchar ar an ábhar ar bhealach den sórt a chuirfeadh isteach ar chúram agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta an tsoláthraí seirbhíse meán cumarsáide;
  - (b) Ní mholfar go díreach earraí ná seirbhísí a cheannach ná a thógáil ar cíós, go háirithe trí thagairtí speisialta bolscaireachta a dhéanamh do na hearraí nó na seirbhísí sin;



- (c) Cuirfear in iúl go soiléir don lucht féachana go bhfuil comhaontú urraíochta ar bun. Déanfar cláir urraithe a shonrú go soiléir mar chláir den sórt sin trí ainm, lógó agus/nó siombail eile de chuid an urraitheora, mar shampla, tagairt d'earra(i) nó seirbhís(i) de chuid an urraitheora nó comhartha soiléir eile ina leith a chur ar bhealach atá oiriúnach don chlár ag tús, i rith agus/nó ag deireadh an chláir.
3. Ní bheidh seirbhísí nó cláir mheán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh faoi urraíocht ag gnólachtaí arb é príomhghnó atá acu toitíní agus earraí tobac eile a dhéanamh nó a dhíol.
4. Is féidir bolscaireacht a dhéanamh ar ainm nó ar íomhá an ghnólachta i gcás seirbhísí nó cláir mheán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh a bheith faoi urraíocht ag gnólachtaí a n-áirítear déantúsaíocht nó díol táirgí míochaine agus cóir leighis ar a gcuid gnóthaí ach nó dhéanfar bolscaireacht maidir le táirgí míochaine ná cóir leighis faoi leith nach bhfuil ar fáil sa Stát ach amháin le hoideas dochtúra.
5. Ní dhéanfar urraíocht ar chláir nuachta ná cúrsaí reatha ar sheirbhísí meán cumarsáide closamhairc agus ní thaispeánfar lógó urraíochta i rith chláir do leanaí, chláir faisnéise agus chláir chreidimh.

### **Suíomh Táirgí**

6. Tá suíomh táirgí incheadaithe:-

- i saothair scannánaíochta, i scannáin agus i sraitheanna a dhéantar do sheirbhísí meán cumarsáide closamhairc, i gcláir spóirt agus i gcláir shiamsaíochta ach níl i gcláir do leanaí; nó
- sa chás nach bhfuil aon íocaíocht i gceist ach earraí nó seirbhísí áirithe á gcur ar fáil saor ó tháille, mar shampla frapaí léiriúcháin agus duaiseanna, d'fhonn a mbeith mar chuid de chlár.

7. I gcás na gclár a thaispeántear ar sheirbhís meán cumarsáide closamhairc ar a héileamh a bhfuil táirgí á suíomh iontu, sásófar ar a laghad na coinníollacha seo a leanas ar fad:

- (a) Ní imreofar i gcás ar bith tionchar ar bhealach a chuirfeadh isteach ar chúram agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta an tsoláthraí seirbhíse meán cumarsáide agus beidh cúis mhaith ó thaobh eagarthóireachta le haon táirge a dhéantar a shuíomh.
- (b) Ní mholfar go díreach earraí ná seirbhísí a cheannach ná a fhruiliú, go háirithe trí thagairtí speisialta bolscaireachta a dhéanamh do na hearraí nó na seirbhísí sin;
- (c) Ní leagfar suntas míchuí ar an táirge atá i gceist;

(d) Cuirfear in iúl go soiléir don lucht féachana go bhfuil suíomh táirgí ar siúl.

8. Déanfar cláir a bhfuil táirgí á suíomh lena linn a shonrú go cuí ag tús agus deireadh an chláir, agus nuair is den phraiticiúlacht sin, ar an gclár a atosú tar éis sos fógraíochta, ionas go seachnaítear aon ábhar mearbhaill don lucht féachana. Tá feidhm leis an bhforáil seo sa chás sin amháin inar léirigh nó inar choimisiúnaigh an soláthraí seirbhíse meán cumarsáide an clár atá i gceist.
9. Ní bheidh suíomh táirgí mar chuid de chláir a thaispeántear ar sheirbhís meán cumarsáide closamhairc ar a héileamh maidir le:
  - táirgí tobac nó toiríní nó suíomh táirgí ó ghnólachtaí arb é is príomhghnó acu toiríní agus táirgí tobac eile a dhéanamh nó a dhíol; nó,
  - táirgí míochaine nó cóir leighis faoi leith nach bhfuil ar fáil sa Stát ach amháin le hoideas dochtúra.

## **CUID 2 (Ábhar)**

### **Caighdeán an Phobail**

1. Ní bheidh aon ghríosú chun fuatha bunaithe ar chine, inscne, creideamh, náisiúntacht, claonadh gnéis ná bheith ar dhuine den lucht siúil mar chuid de sheirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide.

### **Cosaint do Mhionaoisigh**

2. Ní féidir seirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide a d'fhéadfadh díobháil thromchúiseach a dhéanamh don fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta ar mhionaoisigh a chur ar fáil ach amháin ar bhealach den sórt sin lena gcinntítear nach gnáth go gcloisfeadh nó go bhfeicfeadh mionaoisigh seirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh den sórt sin.

Ba chóir go mbeadh soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide closamhairc ar a héileamh ar aire maidir le dhá chineál seirbhíse a d'fhéadfadh a bheith á gcur ar fáil acu.

- a. Seirbhísí ar a n-éileamh a bhfuil saorchead féachana orthu agus iad gan srianadh. Ba cheart i ndáil le seirbhísí den sórt sin:

- i. A chinntiú go mbíonn ábhar na gclár ag teacht le caighdeáin a meastar iad a bheith inghlactha i sochái na linne seo in Éirinn.
  - ii. A chinntiú go ndéantar an lucht féachana a chosaint ar ábhar a bheadh déistíneach nó díobhálach go míchuí.
  - iii. A chinntiú nach ndéantar príobháideacht aon duine a shárú go míréasúnta.
  - iv. Sa chás go gcuirtear in iúl gur ábhar nuachta nó cúrsaí reatha atá i gceist, ba chóir go mbeadh na coincheapanna maidir le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i bhfeidhm.
  - v. Fógra roimh ré a chur ar fáil don lucht féachana, agus sin go soiléir, faoi ábhar a mbeadh i ndán go sílfí déistíneach é, trí mhodh lipéadaithe soiléir.
- b. Ba cheart go gcinnteofaí maidir le seirbhísí ar a n-éileamh ar de chineál srianta, le síntiús amháin, nó criptiúcháin iad:
- i. Go dtugtar eolas soiléir iomlán don lucht féachana faoin ábhar is dócha a bheith ar an tseirbhís.
  - ii. Gur gá beart faoi leith ó dhuine fásta sula gcuirtear ar fáil iad, de réir mar is cuí.

### **Áisiúlacht**

3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí meán cumarsáide *seirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh* iarracht a chinntiú go ndéantar a gcuid seirbhísí áisiúil do dhaoine faoi mhíchumas amhairc nó éisteachta de réir a chéile.

### **Ceartha**

4. Ní chraolfaidh soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide saothair scannánaíochta taobh amuigh de na tráthanna atá aontaithe le húinéirí na gceart ina leith.

### **Saothair Eorpacha**

4. Déanfaidh seirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh arna gcur ar fáil ag soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide an léiriú agus an teacht ar shaothair Eorpacha a chur chun cinn nuair is den phraiticiúlacht sin agus ar mhodhanna oiriúnacha. D'fhéadfadh go mbainfeadh cur chun cinn den chineál sin, le hairgead a chuireann seirbhísí den sórt sin ar fáil maidir le léiriú agus ceannach ceart i ndáil le saothair Eorpacha nó leis an sciar agus/nó ionad suntais ag saothair Eorpacha sa chatalóg saothar a thairgíonn an tseirbhís meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh, inter alia. Chun na críche sin, ba cheart go gcinnteodh soláthraithe seirbhísí ar a n-éileamh go mbíonn saothair Eorpacha

suntasach ó thaobh amhairc agus/nó go liostaítear chun tosaigh iad i gcatalóg na gclár.

### **CUID 3 (Comhlíonadh agus Gearáin)**

#### **Fógra**

1. Déanfaidh soláthraithe Seirbhíse Meán Cumarsáide Closamhairc a chuireann seirbhísí meán closamhairc ar a n-éileamh ar fáil fógra a thabhairt don Aire/Údarás Rialúcháin go bhfuil de rún acu seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil nó leanacht ar aghaidh á gcur ar fáil ar an mbealach a bheidh leagtha amach ag an Aire/Údarás Rialúcháin.
2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí meán cumarsáide closamhairc an t-eolas seo a leanas, ar a laghad, ar fáil go héasca, go díreach agus go buanseasmhach don té a ghlacann le seirbhís:-
  - (a) Ainm sholáthraí na seirbhíse meán cumarsáide;
  - (b) An seoladh geofrafach ag a bhfuil an soláthraí seirbhíse meán cumarsáide bunaithe;
  - (c) Na sonraí faoin soláthraí seirbhíse meán cumarsáide, lena n-áirítear an seoladh ríomhphoist nó láithreán gréasáin trínar féidir caidreamh a dhéanamh leis gan mhoill ar bhealach beo éifeachtúil;
  - (d) Nuair is cuí sin, na comhlachtaí inniúla maidir le rialúchán agus maoirseacht.

Ba cheart an t-eolas seo a chur ar fáil an tráth a dtiocfaí den chéad uair ar an tseirbhís.

#### **Gearáin**

3. Glacfaidh Údarás Caighdeán Fógraíochta na hÉireann (ASAI) le gearáin maidir le sárú ar CHUID 1 den Chód seo agus déanfar cinntí faoi na gearáin. Ba cheart go ndéanfaidh ASAI gach gearán maidir le cumarsáid tráchtála, nuair is gá sin, a sheoladh ar an gcéad chor chuig an bhfógróir nó an ghníomhaireacht lena mbaineann chun freagra a fháil. Oibreoidh ASAI maidir leis na dála eile go léir an gnáthnós imeachta maidir le scrúdú ar ghearáin ó thomhaltóirí. Anuas air sin, beidh na rialacha reatha maidir le scrúdú ar ghearáin taobh istigh de lucht tionscail i bhfeidhm.
4. Déanfaidh soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh gearán maidir le hábhar cláir ar fhoras amháin nó níos mó

ná foras amháin den Chód Iompair seo arna dhéanamh i scríbhinn ag duine i ndáil le hábhar na seirbhíse ar éileamh arb é tuairim an tsoláthraí gur de mheoin mhaith a rinneadh é agus nach de chineál beagthábhachta nó cráiteachta é, a mheas mar atá dlite agus go leordhóthanach.

5. Chun plé le gearáin faoi CHUID 2 den Chód seo, déanfaidh soláthraithe seirbhíse meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh nós imeachta a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm maidir le gearáin a láimhseáil. Déanfar foráil leis an nós imeachta sin do na cúrsaí seo a leanas:
  - (a) Pointe caidrimh tosaigh do lucht gearáin, seoladh ríomhphoist san áireamh.
  - (b) Tréimhse ama a ndéanfaidh an soláthraí freagra a thabhairt ar ghearáin lena linn. Ní mór do sholáthraí freagra a sheoladh maidir le gearán taobh istigh de thréimhse cúig lá dhéag ó thagann an gearán.
  - (c) Déanfaidh an soláthraí de réir an nós imeachta chun a theacht ar réiteach maidir le gearáin.
  - (d) Foráil do mhodh achomhairc ar leibhéal sinsearach taobh istigh d'eagraíocht an tsoláthraí seirbhíse a fhágfaidh go mbeidh freagra ar achomharc taobh istigh de thréimhse deich lá oibre ón tráth a dtagann siad.
6. Foilseoidh soláthraí seirbhísí ar a héileamh ar láithreán gréasáin arna choinneáil ar bun ag an soláthraí agus ar fáil go ginearálta, cóip den nós imeachta maidir le gearáin. Coinneoidh an soláthraí an t-ábhar ar fad agus an comhfhreagras ar fad a bhaineann le gearán go ceann sé seachtaine ó thagann an gearán, nó ó chuirtear freagra ar achomharc.
7. Glacfaidh Coiste Comhlíontais BAI le hachomhairc maidir leis an réiteach a thairgíonn an soláthraí seirbhíse i ndáil le sárú ar fhoranna 1 & 2 de CHUID 2 den Chód seo agus déanfar cinneadh ar ghearáin ar choinníoll go dtagann an gearán taobh istigh de dheich lá oibre ó chuirtear an cinneadh faoin achomharc in iúl don ghearánaí.
8. Tá dlite ar sholáthraithe seirbhíse meán cumarsáide closamhairc déanamh de réir chinntí agus mholtaí ASAI agus BAI agus beart cuí a dhéanamh más gá sin. Cuirfidh ODAS réimse smachtbhannaí ar bun a ghabhann níos faide ná an phoiblíocht a bhaineann le breith ASAI nó BAI in aghaidh an tsoláthraí, lena mbainfidh:
  - a. A cheangal ar an soláthraí an chúis leis an ngearán a chur ina cheart; agus/nó,

- b. Dearbhú a éileamh ón soláthraí seirbhíse maidir le hiompar san am atá le teacht; agus/nó,
- c. A cheangal ar an soláthraí seirbhíse go ndéantar táillí seirbhíse a íocadh i ndáil leis an gcúis a bhí leis an ngearán a theacht i gceist a aisíoc; agus/nó,
- d. An cinneadh agus an soláthraí lena mbaineann an cás a fhoilsiú go poiblí; agus/nó,
- e. An soláthraí seirbhíse a chur ar fionraí ón gcóras rialúcháin.

## **Tuairiscíocht**

- 1 **Saothair Eorpacha**  
Sa chás go ndéanann an tAire iarratas le soláthraí seirbhíse meán cumarsáide closamhairc nó le comhlacht rialúcháin lena mbaineann maidir le heolas a bhfuil gá leis chun a chur ar chumas an Aire tuairisc a thabhairt ar shaothair Eorpacha agus a gcur ar fáil ag seirbhísí meán cumarsáide closamhairc ar a n-éileamh, déanfaidh an soláthraí seirbhíse meán cumarsáide closamhairc nó an comhlacht rialúcháin lena mbaineann, ag brath ar an gcás, dá réir.
- 2 Tabharfaidh an comhlacht ábhartha tuairisc don Aire ar oibriú an Chóid a ullmhaítear faoin Ionstraim Reachtúil go bliantúil, nó ag tráthanna de réir threoir an Aire agus ar mhodhanna de réir threoir an Aire.
- 3 Déanfaidh an comhlacht ábhartha athbhreithniú faoi cheann aon bhliain amháin dá n-oibriú ar na Cóid a ullmhaítear faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 258 agus iad a leasú.

## AGUISÍN

Is liosta neamhchuisitheach an liosta seo a leanas den phríomhreachtaíocht a mbeadh srianadh, rialú nó tionchar eile léi ar chumarsáid thráchtála in Éirinn. Is mar threoir amháin a chuirtear an liosta seo ar fáil agus is faoi pháirtithe faoi leith agus fúthusan amháin aon fhorálacha faoin reachtaíocht a mbeadh feidhm leo i ngach cás a chinntiú.

An tAcht Uchtála 1952

An tAcht um Leigheasanna Ainmhithe 1993

Na Rialacháin um Leigheasanna Ainmhithe (Rialú ar Díol) 1985-1991 (I.R. 258/1958; I.R. 244/1991)

An tAcht um Geall-Chur 1931

An tAcht Cumann Foirgníochta 1989 arna leasú le hAcht 2006

Acht an Bhanc Ceannais agus Údaráis Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003.

Achtanna an Bhainc Ceannais 1942-1998

Na hAchtanna um Scrúdóireacht Scannán, 1923-1992

Na hAchtanna um Chinsireacht Fhoilseachán, 1929-1965

Na Rialacháin um Chinsireacht Fhoilseachán, 1980 (I.R. 292/1980)

An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998

An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí (Leasú), 2004

Achtanna na gCuideachtaí 1963-2004

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995

Na Rialacháin fán Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí 1995 (Alt 28), 1996 (I.R. 245/1996)

An tAcht um Chosaint Thomhaltóirí 1978

An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógrán i dtaca le Léiriúcháin Ceolchoirme nó Amharclainne), 1997 (I.R. 103/1997)

An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin) (Nochtú Leas Gnó), 1984 (I.R. 168/1984)

An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógráin do Tháillí Aeir), 2000 (I.R. 468/2000)

An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Earraí Ilghnéitheacha) (Marcáil), 1984 (I.R. 178/1984)

An tAcht Cópchirt 1963

An tAcht Cópchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 arna leasú

An tAcht um Chomhar Creidmheasa 1997

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise 2001

An tAcht um Chosaint Sonraí 1988

Na hAchtanna Tora Déiríochta, 1924

An tAcht um Chlúmhilleadh 1961

An tAcht Cosanta 1954

An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971

Na Rialacháin i leith Gníomhaireachtaí Fostaíochta, 1972-1993 (I.R. 27/1971, I.R. 255/1972, I.R. 49/1993)

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Na hAchtanna um Chearrbhachais agus Crannchuir 1956 – 1979

An tAcht um Shainmharcáil 1981

Na Rialacháin Sláinte (Bia i gcomhair Feidhmeanna Cothaitheacha ar leith), 1991. (I.R. 331/1991)

An tAcht Fruilcheannaigh 1946 (Fost-Cheannaigh) agus 1960

An tOrdú um Fhruilcheannach agus Díol Creidmheasa (Fógraíocht) 1961 (I.R. 183/1961)

An tAcht Maoine Tionscail agus Trachtála (Cosaint) 1927-1958

An tAcht Taighde Tionscail agus Caighdeán 1961 agus 1979

An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta 1995

Na hAchtanna Ceadúnúcháin 1833 – 2004 – 1988 Act



An tAcht um Chúiteamh d'Infheisteoirí 1998

Na Rialacháin um Ullmhóidi Leighis (Fógraíocht) 1993 agus 1996 (I.R. 76/1993) - (I.R. 308/1996)

Na Rialacháin um Ullmhóidi Leighis (Bileoga Lipéadaithe agus Pacáistithe 1993-1999 (I.R. 71/1993, I.R. 440/1994, I.R. 187/1999)

Na Rialacháin um Ullmhóidi Leighis (Ceadúnú, Fógraíocht agus Díol) 1984 - 1994 (I.R. 210/1984, I.R. 347/1989; I.R. 70/1993, I.R. 439/1994)

Na Rialacháin um Ullmhóidi Leighis (Ceadúnú agus Díol 1958 (I.R. 135/1958)

Na Rialacháin um Ullmhóidi Leighis (Oideas agus Rialú Soláthar) 2003 (I.R. 540/2003)

Na Rialacháin um Tháirgí Leighis (Rialú na Fógraíochta), 1998 (I.R. 142/1998)

Na hAchtanna Marcanna Earraí Ceannaíochta, 1887 - 1970

An tAcht Méadreolaíochta 1996

Acht na nlasachtaithe Airgid 1933

Na hAchtanna Bainne agus Déirithe 1935 agus 1956

An tAcht um Thrádáil Ocáideach 1979 arna leasú leis an Acht Corr-Thrádála 1995

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Acht na Radharcmeastóirí 1956 agus 2003

An tAcht um Shaoirí Réamháirithe agus an Trádáil Taistil 1995

Acht na bPaitinní 1992

Na hAchtanna Praghasanna 1958 go 1972

An tOrdú Praghasanna agus Táillí (Ráitis Cháin-Áirithe) 1973 (I.R. 9/1973)

Na hAchtanna Sláinte Poibli (Tobac) 2002 **agus** 2004

An tAcht Stuaic Dhíola 1980

Achtanna na Croise Deirge 1938 go dtí 1954

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980

Na Rialacháin Aturnaetha (Fógraíocht) 2002 (I.R. 518/2002)

Na hAchtanna Aturnaetha 1954 – 2002

An tAcht um Stocmhalartáin 1995

An tAcht um Tháirgi Tabac (Fógraíocht, Coimiríocht Agus Spreagadh Diolachán a Rialú), 1978

Na Rialacháin um Tháirgi Tabac (Fógraíocht, Coimiríocht Agus Spreagadh Diolachán a Rialú) 1991-2000 (I.R. 326/1991) (I.R. 215/2000)

Na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta 1939 arna leasú le hAchtanna na mblianta 1957, 1966 agus 1970

Achtanna na dTrádmharcanna 1996

Na hAchtanna um Bainc Thaisce Iontaobhas, 1989 agus 2001

An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990

Na Rialacháin Dramhaíola (Trealamh Leictreach agus Leictreonach) 2005 (I.R. 340/2005)

**Cearta:**

An tAcht um Chlúmhillleadh, 1961

An tAcht um Stádas Comhionann 2000 go 2004 – Acht na bliana 2000

An tAcht Comhionannais 2004

An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003

An tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha 1989

**Reachtaíocht atá bunaithe san Eoraip:**

Rialachán (CE) Uimh. 2200/96 ón gComhairle arna leasú le 2699/2000 agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Torthaí agus Glasraí) 1997 (I.R. 122/1997)

Rialachán na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosanta Plandaí a Údarú, a Chur ar an Margadh, a Úsáid agus a Rialú) 2003 arna leasú (I.R. 83/2003)

Na Rialacháin um Thráchtáil Leictreonach (Treoir 2000/31/CE) 2003 (I.R. 68/2003)

Rialachán na gComhphobal Eorpach (Sainmhíniú, Tuairisc agus Cur i Láthair Dheochanna Biotáilleacha), 1995 (I.R. 300/1995)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sainmhíniú, Tuairisc agus Cur i Láthair Fhionta Cumhraithe, Mhanglaim Táirgí Fionta Cumhraithe) 1998 (I.R. No. 254/1998),

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Lotnaidicídí), 1994 (I.R. 138/1994)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Aicmiú, Pacáistiú agus Lipéadú Tháirgí Cosanta Plandaí agus Tháirgí Bhithicídí) 2001 (I.R. 624/2001)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Comhoibriú idir na hÚdaráis Náisiúnta ar a leagtar de chúram Díithe um Chosaint an Tomhaltóra a chur chun Feidhme) 2006 (I.R. 290/2006)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Táirgí Cosmaideacha), 1997-2006 (I.R. 87/1997, I.R. 213/1998, I.R. 150/2000, I.R. 203/2000, I.R. 373/2006)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cianmhargaíocht ar Sheirbhísí Airgeadais do Thomhaltóirí) 2004 (I.R. 853/2004)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cianmhargaíocht ar Sheirbhísí Airgeadais do Thomhaltóirí) (Leasú) 2005 (I.R. 63/2005)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Forlíontaí Bia) 2003 (I.R. 539/2003)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Foirmlí Naíonna agus Foirmlí Leanúna), 1998 to 2000 (I.R. 243/1998) (I.R.446/2000)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Tíolacadh agus Fógairt Ábhair Bhia), 2000 agus 2002 (I.R. 92/2000) (I.R. 483/2002)

Creat-Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Saoil), 1994 (I.R. 360/1994)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Fógraíocht Mhíthreorach), 1988 (I.R.134/1988)

Treoracha maidir le Fógraíocht Mhíthreorach agus Fógraíocht Chomparáideach - 84/450/CCE, 97/55/CE, 05/29/CE

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ainmneacha agus Lipéadú Táirgí Teicstíle), 1998 (I.R. 245/1998)

Creat-Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Árachas Neamhshaoil), 1994 (I.R. 359/1994-

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Praghsanna Táirgí a chur in lúl), 2002 (I.R. 639/2002)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iarmhair Lotnaidicídí) (Ábhair Bheatha), 1992 (I.R. 40/1992)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Tomhaltóirí i dtaobh Conarthaí a Dhéantar trí Mhodh Cianchumarsáide), 2001 (I.R. 207/2001)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Tomhaltóirí i dtaobh Conarthaí a Dhéantar trí Mhodh Cianchumarsáide) (Leasú) 2005 (I.R. 71/2005)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint ar Thásca Geografacha agus Tuairiscí ar Bhunadh i leith Táirgí Talmhaíochta agus Earraí Bia Talmhaíochta) 1995 agus 1999 (I.R. 148/1995) (I.R. 275/1999)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Soláthar Faisnéise maidir le Tionscnamh, Céannú agus Ceann Sprice Bó-ainmhithe), 1999 (I.R. 258/1999)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Craolachán Teilifíse), 1999 (I.R. 313/1999)

Treoracha an AE 89/552/CCE (I.R. 251/1991) agus 97/36/CE (I.R. 313/1999)

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe) 2003 (I.R. 211/2003)

Na Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005 (I.R. 342/2005)

Rialacháin na Nimheanna (Rialú ar Iarmhair i mBianna de Bhunadh Ainmhíoch), 1985 agus 1986 (I.R. 257/85) (I.R. 236/86)

Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE) 2005 (I.R. 324/2005)

Rialachán CE (Treoir 1924/2006) Treoir maidir le Maíteachtaí i leith Cothú agus Sláinte a dhéantar maidir le Bianna.